

AGUISÍN I

TEIDEAL AN AONAIID: AN tAISTRIÚ A DHÉANAMH GO DTÍ AN CHÉAD BHLIAIN



FAD AMA

Thart ar 4 uair an chloig. (6 x Rang 40 nóiméad nó 6 x Rang 1 uair an chloig: is féidir leis an múinteoir/treoirchomhairleoir luas na ranganna a chinneadh).



RIACHTANAS ARNA SHAINAITHINT

Is féidir an t-aistriú go dtí an meánscoil a bheith corraitheach agus dúshlánach mar thréimhse i saol an duine. Tá aitheantas déanta i roinnt mhaith scoileanna ar riachtanas a bheith ann le tacaíocht a thabhairt do dhaltai éagsúla le linn an aistrithe seo chun cabhrú leo caidrimh agus gaotha nua a chur i mbun ionas go n-éireofar leo leis an fhoghlaim. Tá an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) tar éis freagairt a thabhairt ar an riachtanas sin tríd an aonad seo a chur i mbun i gcomhar le múinteoirí, agus comhairle faighte acu ó dhaltai chun bonn eolas a chur le forbairt an aonaid.



CUSPÓIR AN AONAIID

Tá sé mar aidhm ag an aonad seo treoir a thabhairt do na daltaí agus iad ag aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil tríd iad a chur ar a gcumas an fhéinbhainistíocht a fhorbairt, chomh maith leis na scileanna pearsanta agus sóisialta atá de dhíth le go n-éireofar leis an aistriú.



TORTHAÍ FOGHLAMA

Beidh na daltaí in ann:

- Scrúdaigh na dúshláin agus na hábhair inné atá i gceist lena bheith ag tosú amach sa chéad bhliain agus déan na bealaí gur féidir dul i ngleic leo a shainiú freisin.
- Daoine a ainmniú ar féidir leo cúnamh agus tacaíocht a iarraidh uathu atá ar fáil do na daltaí sa scoil nua.
- Spriocanna foghlama atá lán brí agus atá oiriúnach a leagan síos agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta chun cuspóirí sin a bhaint amach.
- Cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna féinbhainistíochta agus bainistíochta ama atá acu chun cuidiú leo bainistíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí scoile i measc gníomhaíochtaí eile.
- A luachanna a aithint chomh maith le conas is féidir leo a luachanna a úsáid sa chinnteoireacht



SAMPLAÍ DEN TAITHÍ A BHÍONN AG DALTAÍ AR A BHEITH AG FOGHLAIM

- Smaoinígí, Téigí in Bhur mBeirteanna, agus Roinnigí Bhur Smaointe - Cé is féidir liom tacaíocht a fháil uaidh sa scoil nua?
- Machnamh pearsanta agus plé teoraithe faoi spriocanna agus faoi spriocanna a leagan amach.
- Tráth na gCeist - An tAmchlár Agam a Thuiscint
- Leideanna 'bunriachtanacha' do dhaltaí eile atá ag tosú amach i scoil nua

NAISC LEIS AN TSRAITH SHÓISEARACH



Ráiteas ar an Fhoghlaim	Sampla den méid atá foghlamtha san Aonad atá gaolmhar leis
11. Gníomhaíonn an dalta chun a fholláine, agus a shláinte féin, agus folláine agus sláinte daoine eile, a chosaint.	Gheobhaidh na daltaí faisnéis phraiticiúil chun cabhrú leo leis an aistriú go dtí an meánscoil. Tabharfar tacaíocht dóibh freisin chun machnamh a dhéanamh ar an eagla agus na hionchais, mianta agus aidhmeanna atá acu laistigh de spás sábháilte, agus ar an gcaoi sin cuirfear ar a sochar iad.
7. Tugann an dalta meas ar cad atá i gceist leis an tsaoránacht ghníomhach, le cearta agus freagrachtaí i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne araon.	Déanfaidh na daltaí machnamh ar cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith cineálta lena gcuid comhscoláirí agus iad ag aistriú go dtí an scoil nua. Spreagfar iad chun machnamh a dhéanamh ar na fáthanna gur daoine iad féin atá mar údar spreagtha do dhaoine eile. Tabharfar deis do na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo cur go dearfach lena rang agus leis an saol mór.
5. Tá feasacht aige ar luachanna pearsanta agus tuiscint chomh maith ar an bpróiseas cinnteoireachta morálta.	Tabharfar an deis do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na luachanna atá acu féin agus chun bealaí a iniúchadh chun a luachanna a úsáid mar chompás chun iad a threorú agus iad ag déanamh cinntí.

NAISC LEIS AN TSRAITH SHÓISEARACH *ar leanúint*SÚIL GÉAR
AR SCILEANNA
RÍTHÁBHACHTACHA

Tá deiseanna ann tacú le go leor príomhscileanna san aonad seo ach tá na rudaí seo a leanas go han-tábhachtach ar fad:

Scil lárnach	Sampla de ghníomhaíocht foghlama don dalta a d'fhéadfadh a dhéanamh
Mé féin a bhainistiú	Foghlaimoidh na mic léinn conas iad féin agus a gcuid foghlama a bhainistiú níos fearr trí chleachtadh a dhéanamh ar spriocanna a leagan síos, i measc straitéisí eile.
Idirchumarsáid a dhéanamh	Forbróidh na daltaí scileanna cumarsáide agus iad ag éisteacht leis na daltaí eile - faoin dóchas, eagla agus ionchais atá ag gach duine eile faoin meánscoil.
Ag coinneáil slán	Foghlaimoidh na daltaí chomh tábhachtach is atá sé cabhair a iarraidh nuair is gá agus an áit/an duine gur cheart duit an teagmháil a dhéanamh leo má tá tacaíocht ag teastáil.
Obair i gcomhar le daoine eile	Trí ghníomhaíochtaí foghlama gníomhaí agus comhoibríche a dhéanamh déanfaidh na daltaí aithne ar a chéile - agus ar an gcaoi sin cuirfear caidrimh i mbun eatarthu agus beidh siad in ann mothú go bhfuil ceangail eatarthu mar ghrúpa agus leis an scoil nua chomh maith.
Eolas agus Smaointe a Bhainistiú	Trí bheith fiosrach fúthu féin, déanfaidh na daltaí faisnéis fúthu féin a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur in eagar. Déanfaidh na daltaí machnamh ar cé hiad féin mar dhuine agus ar conas is féidir leo tacaíocht a fháil sa mheánscoil.

SÚIL GHÉAR
AR THÁSCAIRÍ
DEN FHOLLÁINE

An Fholláine Táscaire	Táscaire	Sampla den méid atá foghlamtha san Aonad atá gaolmhar leis
Athléimneach	Do I know where I can go for help?	This unit includes two lessons on the topic of 'My School Supports.' Students have an opportunity to reflect on supports available within the school. Specific focus is paid to where students can go for help.
Nasccha	An bhfuil tuiscint mhaith agam ar an tslí a mbíonn tionchar ag mo ghníomhartha agus idirghníomhaíochtaí ar mo fholláine agus mo shláinte féin, chomh maith le sláinte daoine eile, idir dhaoine i mo thimpeallacht féin agus daoine ar fud an domhan?	Sa cheacht 'Mo Luachanna,' foghlaimoidh na daltaí conas is féidir le luachanna an duine dul i bhfeidhm ar a shaol féin agus ar a n-idirghníomhaíochtaí le daoine eile, díreach timpeall air agus ar fud an domhain fiú.
Feasach	An dtuigim cad é a chuidíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom feabhsú?	Cuirtear buneolas faoin ábhar 'spriocanna a leagan síos' do na daltaí agus aithníonn siad bealaí ar féidir leo iad féin a fheabhsú.

The wellbeing indicators make explicit the hoped-for outcomes of learning in Wellbeing. The indicators that this unit specifically supports are highlighted.



MEASÚNACHT

Foirmitheach: Coinníonn na daltaí punann den méid atá foghlama acu.



ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ATÁ ÁISIÚIL

Tá acmhainní forbartha ag an NCGE i gcomhpháirtíocht le careersportal.ie chun tacú le múinteoirí an t-aonad foghlama seo a éascú, agus tá siad ar fáil le híoslódáil saor in aisce ag <https://www.ncge.ie/resources> agus ag www.careersportal.ie